Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Eanáir 2023
(OR. en)

16024/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 80
AGRI 715
PECHE 520

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

11 agus 12 Nollaig 2022

**CLÁR**

**Leathanach**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

TALMHAÍOCHT

6. Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin ................................ 3

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ...................................................... 4

***

PUBLIC

## CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 12 NOLLAIG 2022

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

TALMHAÍOCHT

6. **Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin** 15475/1/22 REV 1
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le staid na bpríomh-mhargaí talmhaíochta, chomh maith leis na barúlacha agus na hiarrataí ó na toscaireachtaí agus na freagraí ón gCoimisiún.

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 15377/22**

PUBLIC

**Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':**

**Nóta Briathartha do Stáit Aontaithe Mheiriceá lena gcuirtear in iúl an cinneadh ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú i ndáil le Galileo agus GPS idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit agus Stáit Aontaithe Mheiriceá**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Is é an bonn atá leis an síneadh, a chuirfear i bhfeidhm trí na nótaí a tíolacadh a mhalartú, Cinneadh (AE) 2022/1089 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile. Tacaíonn an Ostair leis an síneadh é féin. Mar sin féin, athdhearbhaíonn an Ostair a seasamh gur tugadh an comhaontú i gcrích ar thaobh an Aontais mar chomhaontú 'measctha' den Chomhphobal Eorpach (an tAontas Eorpach ina dhiaidh sin) *agus* dá Bhallstáit agus ba cheart, dá bhrí sin, go leanfadh sé de bheith ina chomhaontú 'measctha' i gcás ina gcuirfear síneadh leis. Is amhlaidh atá i gcás aon chomhaontuithe comharba a bheidh ann amach anseo, fad a fhanfaidh an t-ábhar agus an staid dhlíthiúil go bunúsach mar an gcéanna. Leis an gcomhaontú, cumhdaítear freisin saincheisteanna slándála náisiúnta. Ach is iad na Ballstáit amháin atá freagrach as an tslándáil náisiúnta go háirithe (faoi Airteagal 4(2) CAE), rud a chiallaíonn go mba cheart síneadh a bheith curtha leis an gcomhaontú mar chomhaontú 'measctha'. Ní chuireann cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh aon léiriú contrártha ar na Conarthaí in iúl ach oiread. Ar na cúiseanna sin, vótálann an Ostair **ina choinne**.'

**Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':**

**Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas laistigh den Choiste Custaim den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Singeapór**
*Glacadh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Measann an Coimisiún gur cheart an Cinneadh ón gComhairle a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus dá bhrí sin, measann sé go bhfuil na hathruithe ar Airteagal 2 míchuí.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é seasamh an Aontais a léiriú i gcomhlacht arna bhunú trí chomhaontú, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

**Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'A':**

**Comhaontú leis an mBrasaíl i ndáil leis na modhnuithe i gcuótaí rátaí taraife an Aontais i sceideal EDT tar éis Brexit**

**(a) Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú**
*Glacadh*

(b) **Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích**
*Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Measann an Coimisiún gur cheart tagairt a bheith sa Chinneadh maidir le síniú an chomhaontaithe don duine atá ainmnithe ag an idirbheartaí le bheith ar an duine a dtugtar de chumhacht dó an comhaontú a shíniú. Dá bhrí sin, na hathruithe lena ndéantar foráil maidir le hUachtarán na Comhairle duine a ainmniú atá chun an comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, níl siad i gcomhréir leis na Conarthaí.

Na gníomhartha ionadaíochta seachtraí uile a dhéantar agus conradh á dhéanamh, lena n-áirítear comhaontú idirnáisiúnta a shíniú agus fógra a thabhairt ina dhiaidh sin maidir leis an toiliú a bheith faoina cheangal, is sainphribhléidí institiúideacha de chuid an Choimisiúin iad, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE, seachas na gníomhartha sin a bhaineann le comhaontuithe a thagann go heisiach nó den chuid is mó faoi chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais. Nuair a dhéanann an Coimisiún agus gníomhaí eile arna ainmniú ag an gComhairle comhaontú idirnáisiúnta a chomhshíniú thar ceann an Aontais, is é síniú an Choimisiúin amháin a thugann gealltanas ón Aontas.

Chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht maidir le cleachtais chomhsheasmhacha ag institiúidí an Aontais nach bhfuil i gcomhréir le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, 'nach féidir leis na cleachtais sin rialacha na gConarthaí a athrú, ar rialacha iad a bhfuil sé d'oibleagáid ar na hinstitiúidí a urramú' (Cás C-687/15 an Coimisiún v an Chomhairle, AE:C:2017:803, mír 42).

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

---